

AN BHLARNA
TEAMHAIR
CLOCH REO
St Ann's Rd
St Ann's Hill
Tower Cross
Bawnnafinny
Lower Killeens
N20
Old Mallow Rd
Commons Rd
Upper Dublin Hill
Ballyhooly Rd
CNOC BHAILE ÁTHA CLIATH
BAILE UÍ MHAOLÁIN
GLEANN MAGH
R639
FEARANN
AN LINN DUBH
BAILE NA MBOCHT
PÁIRC NA HEAGLAISE
CNOC NA HAOINE
CNOC AN CHUILINN
GARRÁN NA MBRÁTHAR
AN SEANDÚN
LÁR NA CATHRACH
MONTENOTTE
N8
DEARGMHÓIN
CEANTAR NA NDUGAÍ
Lee Road
Carrigrohane
N22
CARRAIG RUACHÁIN
Model Farm Rd
AN SRÁIDBHAILE THIAR
Coolroe
LOCH CHLAIS AN GHAINIMH
BAILE AN CHOLLAIGH
Castle
Woodberry
Maglin
Curraheen
Waterfall
N40
AN CNOCÁN GLAS
AN LOCH
BAILE FÉITHEÁN
WILTON
Togher Rd
BAILE AN EASPAIG
ARD AN RÓISTIGH
AN TÓCHAR
S Ring Rd
N27
BAILE AN TEAMPAILL
AN DÚCHARRAIG
MACHAIN
BAILE AN LOCHA
DÚGLAS
Rochestown Rd
BAILE AN RÓISTIGH
Maryborough Hill
MARYBOROUGH
AN GHRÁINSEACH
GORT PHROINSIAS
Grange Rd
Airport
Kinsale
LEHENAGHMORE
DOMHNACH BROC
Carrigaline Rd
Cooney's Ln
N71
N28
Donnybrook Hill
MUINE GUAIRNE
Elm Hill
SRUTHÁN NA SAILEACH
A
B
C
D
E
F
G
H
I
J
K
L

## Feabhsuithe Beartaithe ar Spásanna Uirbeacha agus ar an Timpeallacht Coisithe/Rothaíochta

| Láthair | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Bóthar an Iarthair | Tá sé beartaithe dhá stad nua bus a sholáthar i ngar d'Eaglais Chaitliceach an Chroí Rónaofa agus do Thailte Spóirt na Muirdíge de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh/Páirc Mhic Gearailt. |
| Cnoc na Rós Uachtarach | Tá sé beartaithe 'ciúinbhealach' a sholáthar ar Chnoc na Rós Uachtarach. Is é is 'ciúinbhealach' ann ná áit a gcomhroinneann rothaithe an lána tráchta leis an trácht ginearálta, atá measartha beag ó thaobh méid de. Tá sé beartaithe tréscaoilteacht scagtha (lena n-éascófar rochtain do choisithe agus do rothaithe amháin) a sholáthar ó Chnoc na Rós Uachtarach go dtí an fhorbairt cónaithe ag Ospidéal Chaoimhín, rud a sholáthróidh nascacht le Bóthar na Seanchoille. |
| Tobar Rí an Domhnaigh | Tá sé beartaithe trasrian soilsithe nua a sholáthar do choisithe agus do rothaithe ar Bhóthar Thobar Rí an Domhnaigh chun nascadh le Cnoc na Rós Uachtarach. |
| Tobar Rí an Domhnaigh agus Siúlán na Muirdíge | Chun nascacht a sholáthar do choisithe agus do rothaithe araon, tá sé beartaithe droichead nua thar an Laoi a thógáil i gcomharsanacht Thailte Spóirt na Muirdíge. |
| Na hacomhail idir Tobar Rí an Domhnaigh, Bóthar an Iarthair agus Bóthar na Laoi, idir Tobar Rí an Domhnaigh agus Cnoc na Rós Uachtarach, idir Cnoc na Rós Uachtarach agus an fhorbairt cónaithe ag Ospidéal Chaoimhín, agus idir Bóthar Thobar Rí an Domhnaigh agus Bóthar na Seanchoille. | Feabhsuithe ar na hacomhail atá ann cheana chun feabhas a chur ar shaoráidí do choisithe agus do rothaithe. |

Chun freastal ar na feabhsuithe iompair inbhuanaithe sin, tá sé beartaithe go mbeadh tógáil talún ag teastáil ag na neasláthreacha seo a leanas:

- Tailte ar an taobh thoir de Bhóthar an Iarthair.
- Tailte laisteas agus lastuaidh de bhruach abhann na Laoi i gcomharsanacht Thailte Spóirt na Muirdíge de chuid Choláiste na hOllscoile, Corcaigh.

Léirítear na méideanna táscacha den tógáil talún sin ar na líníochtaí a chuirtear ar áireamh san Aguisín a ghabhann leis an mbróisiúr seo.

### 2.2.2 An t-acomhal idir Tobar Rí an Domhnaigh agus Bóthar na Seanchoille go dtí an t-acomhal idir Bóthar Radharc an Chuain agus Bóthar Thadhg de Barra

Tá Bóthar na Seanchoille faoi shrian fisiciúil, a fhágann nach féidir lánaí tiomnaithe bus a sholáthar ar an mbóthar ar fad. Tá sé beartaithe lána bus a sholáthar ar an mbealach ó thuaidh i dtreo an acomhail idir Bóthar na Seanchoille, Beech Tree Avenue agus Siúlán na Rópaí. Tá sé beartaithe cosán, raon rothar, lána bus agus lána tráchta ghinearálta a sholáthar sa dá threo ar Bhóthar na Seanchoille, cóngarach d'Ionad na Carraige Móire.

Ag an bhFochla Caitliceach ar Bhóthar na Seanchoille, tá sé beartaithe an bóthar a leathnú ar an taobh theas chun nach ndéanfar aon difear don Fhochla, rud a choinneofar i bhfeidhm. Tá acmhainneacht ann feabhas a chur ar an ríocht uirbeach, agus togra ann le haghaidh tírdhreachú a dhéanamh agus crainn a chur ag an láthair seo.

Ní féidir lánaí bus a sholáthar ar chuid ghearr de Bhóthar na Blarnan in aice le Stone Ridge mar gheall ar a ghaire atá teaghaisí cónaithe don bhóthar. Tabharfar tosaíocht do bhusanna feadh na coda seo trí úsáid a bhaint as soilse tráchta tosaíochta bus, rud a fhágfaidh go mbeidh busanna in ann gluaiseacht roimh charranna. Soláthrófar lánaí bus sa dá threo an athuair ar Bhóthar na Blarnan (in aice le Sruthán an Mhíle) agus ar Bhóthar Radharc an Chuain go dtí go gcríochnóidh an scéim atá beartaithe ag Bóthar Thadhg de Barra.

## Feabhsuithe Beartaithe ar Spásanna Uirbeacha agus ar an Timpeallacht Coisithe/Rothaíochta

| Láthair | Feabhsuithe Beartaithe |
|---|---|
| Bóthar na Seanchoille ag an bhFochla Caitliceach | Tá acmhainneacht ann feabhas a chur ar an ríocht uirbeach, agus togra ann le haghaidh tírdhreachú a dhéanamh agus crainn a chur ag an láthair seo. |
| An t-acomhal idir Bóthar na Seanchoille, Beech Tree Avenue agus Siúlán na Rópaí, an t-acomhal ag an bhFochla idir Bóthar na Seanchoille agus Bóthar na Blarnan, agus an t-acomhal idir Bóthar na Blarnan agus Bóthar Radharc an Chuain. | Feabhsuithe ar na hacomhail atá ann cheana chun feabhas a chur ar shaoráidí do choisithe agus do rothaithe. |

Chun freastal ar na feabhsuithe iompair inbhuanaithe sin, tá sé beartaithe go mbeadh tógáil talún ag teastáil ag an neasláthair seo a leanas:

- Tailte ar an taobh thuaidh de Bhóthar na Seanchoille idir na hacomhail le Bóthar Thobar Rí an Domhnaigh agus leis an bhforbairt ag Ospidéal Chaoimhín.
- Tailte ar an taobh theas de Bhóthar na Seanchoille i ngar don acomhal idir Bóthar na Seanchoille, Beech Tree Avenue agus Siúlán na Rópaí.
- Tailte ar an taobh thiar de Bhóthar na Seanchoille, cóngarach d'Ionad na Carraige Móire.
- Tailte ar an dá thaobh de Bhóthar na Blarnan idir an Fochla agus an t-acomhal le Bóthar Radharc an Chuain.
- Tailte ar an taobh thoir de Bhóthar Radharc an Chuain ón acomhal le Bóthar na Blarnan go dtí an t-acomhal le Bóthar Thadhg de Barra.

Léirítear na méideanna táscacha den tógáil talún sin ar na líníochtaí a chuirtear ar áireamh san Aguisín a ghabhann leis an mbróisiúr seo.

